Cruinniú Bord Bainistíochta Coláiste Ailigh

Tuairisc Aontaithe

Dáta: 03/06/2026

Leithscéalta: Raghnall Ó Cuinn

Freastal ar chruinniú: Bernadette Ní Dhuibhir, Cathaoirleach
Pádraig Mac An Bhiocaire
Blaine Ó Maolagáin
Helen Uí Cheallaigh
Caitlín Uí Chochlainn
Seán Mac Aodha

Rúnaí: Seán Mac Suibhne
Rúnaí Taifeadta: Mairéad Uí Dhochartaigh
Aoife de Náis

1	**Fáilte** Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na baill den Bhord don chruinniú deireanach don scoilbhliain 2025/26. Tugadh cóip de Ghlór Ailigh d'achan ball den Bhord. Thug an Príomhoide buíochas do Mháistir Ó Breacáin as a shárobair mar eagarthóir ar Ghlór Ailigh, foilseachán ar ardchaighdeán arís i mbliana atá curtha i dtoll a chéile aige.
2	**Miontuairiscí** Glacadh leis na miontuairiscí ón chruinniú Boird ar an 11 Márta 2026.
5	**<u>Tuarascáil an Phríomhoide</u>** Thug an Príomhoide achoimre ar na gníomhaíochtaí uilig a tharla sa téarma deireanach.
11b	**Pleanáil le haghaidh Fobairt Scoile** ● **Plean Feabhsúcháin Scoile** Glacadh leis an Phlean don scoilbhliain seo chugainn.
11c	**Tuarascáil Bhliantúil** ● D'éisigh an Príomhoide cóip de thuairisc bhliantúil don scoilbhliain 2025/26.

12	**Polasaithe Scoile** **Cód Iompair**: Ghlac an Bord leis na hathruithe molta seo i gCód Iompair na scoile. **Éide Scoile**: Ghlac an Bhord leis na hathruithe molta. Déanfar athbhreithniú ag deireadh na scoilbhliana 2026/27. **Polasaí Riachtanais Bhreise Oideachais**: glacadh leis an pholasaí.
14	**Cigireachta Ábhair** Bhí cigireacht Treoir againn i mí na Bealtaine, agus thug an cigire aiseolas ó bhéal do bhainistíocht na scoile a bhí fíordhearfach ar fad. Thréaslaigh an Bord Máistreás Uí Cheallaigh as tuairisc chomh dearfach a fháil.
15	**Tuarascáil na bhFochoistí Scoile** **a. Tuarascáil Chumainn na dTuismitheoirí** D'eisigh an Príomhoide tuairisc achoimre ó Choiste na dTuismitheoirí ar imeachtaí na bliana. Tá airgead á thiomsú ag Cumann na dTuismitheoirí chun córas nua fuaime a cheannach don halla spóirt.
16 **a)**	**Míreanna sa Chlár Oibre Breise** **Éiteas**: Shocraigh Máistreás Nic Giolla Cheara cur i láthair físeach do na baill den Bhord ar na mór imeachtaí a tharla i rith na scoilbhliana seo i gcúrsaí éitis, agus ar na pleananna atá ann don scoilbhliain seo chugainn. Thréaslaigh an Príomhoide Máistreás Nic Giolla Cheara as a tiomantas dá ról i gceannas ar chúrsaí éitis sa scoil.
19	**Aon Ghnó Eile (AGE)** Thug an Cathaoirleach buíochas do na baill fhoirne agus buíochas do na baill den Bhord, agus ghuigh sí achan rath ar phobal iomlán na scoile don samhradh.